Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11127/26**

**ECOFIN 917**
**UEM 321**
**SOC 446**
**EMPL 248**
**COMPET 861**
**ENV 837**
**EDUC 303**
**ENER 459**
**JAI 897**
**GENDER 134**
**JEUN 177**
**SAN 535**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Liotuáine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2026) 215 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Liotuáine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

---

1 Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, an 30 Aibreán 2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj)

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin.

(2) An 25 Samhain 2025 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na Liotuáine 2026. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár sainaithníodh inti go bhfuil an Liotuáin ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina teannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[2] an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Ó foilsíodh é, tá an Compás Iomaíochais ina bhonn eolais d'obair an tSeimeastair Eorpaigh agus áirítear leis go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, rud a fhágann go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

---

2 IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

(4) In 2026, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt i gcónaí i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[3]. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun agus tógáil orthu, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d’fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 don Liotuáin. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an Liotuáin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2025 agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Liotuáine a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an Liotuáin. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Liotuáine ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, laghdú na bochtaineachta agus laghdú an eisiata shóisialta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

3 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(6) An 8 Iúil 2025, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Liotuáine[4]. Leis an bplean, cumhdaítear an tréimhse ó 2025 go 2029 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach thar 4 bliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 6,1 % in 2025, 5,2 % in 2026, 4,8 % in 2027, 4,5 % in 2028 agus 4,3 % in 2029, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2024, mar atá 6,1 % in 2025, 11,6 % in 2026, 17,0 % in 2027, 22,3 % in 2028 agus 27,5 % in 2029.

(7) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach[5] agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Tar éis iarraidh a fháil ón Liotuáin, an 8 Iúil 2025, agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena gceadaítear don Liotuáin imeacht ó uasrátaí fáis molta an ghlanchaiteachais[6]. Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), beidh an Liotuáin ann tosaíocht a thabhairt an athuair do chaiteachas rialtais nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas níos airde go marthanach ar an gcosaint.

---

4 Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Liotuáine (IO C, C/2025/3959, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3959/oj).

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, 19.3.2025, C(2025) 2000 final.

6 Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don Liotuáin imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú), (IO C, C/2025/3969, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3969/oj).

(8) An 30 Aibreán 2026, chuir an Liotuáin Tuarascáil Bhliantúil 2026 ar Dhul Chun Cinn[7] isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh.

(9) In 2025, ba é 2,9 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 3,4 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 3,0 % in 2026 agus faoi 2,1 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 4,4 % ann in 2026 agus 2,7 % in 2027.

(10) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[8], tháinig méadú ar bharrachas rialtais ghinearálta na Liotuáine ó bharrachas 1,3 % de OTI in 2024 go barrachas 1,8 % de OTI in 2025 go príomha de bharr aistrithe sóisialta níos airde agus méaduithe ar phá poiblí. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 2,2 % de OTI in 2026 agus 2,7 % de OTI in 2027. Is é taobh an chaiteachais is cúis leis an méadú ar an easnamh in 2026 agus 2027, go háirithe caiteachas níos airde ar infheistíochtaí náisiúnta (2026), cosaint (2027) agus aistrithe sóisialta agus íocaíochtaí úis (an dá bhliain).

---

7 Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en

8 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2026.

(11) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[9], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2025, mar atá 1,4 % de OTI. Réamh-mheastar go mbeidh sí forleathnach, faoi 1,0 % de OTI, in 2026 agus go mbeidh sí crapthach, faoi 0,4 % de OTI, in 2027.

(12) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[10], tháinig méadú ar fhiachas rialtais ghinearálta na Liotuáine ó 38,0 % de OTI ag deireadh 2024 go 39,5 % de OTI ag deireadh 2025. Léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais in 2025 an coigeartú sreabhaidh i leith stoic den chuid is mó. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go méadóidh an cóimheas fiachais rialtais–OTI go 44,6 % faoi dheireadh 2026 agus go méadóidh sé a thuilleadh go 48,4 % faoi dheireadh 2027. Is é is cúis leis an méadú ar fhiachas poiblí na Liotuáine coigeartuithe suntasacha sreabhaidh i leith stoic a bhaineann go príomha le barrachais i gcistí slándála sóisialta as a n-eascraíonn carnadh sócmhainní seachas aisíocaíochtaí fiachais agus réamh-mhaoiniú caiteachais cosanta, chomh maith le heasnamh méadaitheach.

(13) Ar bhonn shonraí Eurostat[11], 2,7 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na Liotuáine ar an gcosaint in 2025, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 1,2 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid leis an mbliain thagartha 2021. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh sé ag 2,9 % de OTI in 2026, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 1,5 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021[12].

---

9 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an acmhainneacht fáis mheántéarmaigh agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

10 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2026.

11 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

12 Tá sainmhíniú ECAT ar chaiteachas cosanta éagsúil leis an sainmhíniú atá ag COFOG ar chosaint. Thairis sin, d'fhéadfadh difríochtaí a bheith ann i ngeall ar am taifeadta an chaiteachais, go háirithe maidir le trealamh míleata, ós rud é nach leanann tuairisciú ECAT rialacha na gcuntas náisiúnta maidir le ham an taifeadta.

(14) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, tá bearta beartais fhioscaigh glactha ag an Liotuáin chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú[13]. Ar na bearta sin tá laghdú neamh-spriocdhírithe ar an dleacht mháil ar dhíosal agus laghdú spriocdhírithe ar an dleacht mháil ar dhíosal talmhaíochta, ón 16 Aibreán go dtí an 15 Meitheamh 2026. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gur lú ná 0,1 % de OTI a bheidh i gcostas fioscach na mbeart sin in 2026. De réir mheastacháin an Choimisiúin, dá leanfadh na bearta sin de bheith i bhfeidhm go dtí deireadh 2026, is é 0,1 % de OTI a bheadh sa chostas fioscach a bhaineann leo sa bhliain sin.

(15) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, tháinig méadú 10,5 % ar ghlanchaiteachas sa Liotuáin in 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,5 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus an tsolúbthacht le haghaidh caiteachas cosanta níos airde dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta á cur san áireamh, 0,3 % de OTI atá i gceist le diall carnach an ghlanchaiteachais.

13 Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa Liotuáin faoi 7,2 % in 2026 agus gur fás carnach 18,4 % a bheidh ann in 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,7 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, beidh an ráta réamh-mheasta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholtar freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 2,2 % de OTI i dtéarmaí carnacha. Agus an tsolúbthacht le haghaidh caiteachas cosanta níos airde dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta á cur san áireamh, agus 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, 0,7 % de OTI atá i gceist le diall carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais.

(17) Tá ioncam cánach an rialtais ghinearálta fós íseal i gcomparáid le meán an Aontais, ag 33,3 % de OTI in 2024, i gcomparáid le 40,4 % san Aontas. Go háirithe, tá an t-ioncam ó mhaoin dhochorraithe athfhillteach agus ó chánachas comhshaoil, nach ndéanann an dochar céanna don fhás, fós íseal, ag 0,3 % agus 1,8 % de OTI faoi seach sa Liotuáin, i gcomparáid le 0,9 % agus 2,1 % san Aontas. Cé gur chuir an t-athchóiriú athfhillteach a rinneadh le déanaí ar cháin mhaoine dochorraithe feabhas ar nuashonrú luachanna cadastracha go dtí praghsanna margaidh, tá a acmhainneacht ioncaim fós srianta ag an tairseach ard díolúine le haghaidh príomháiteanna cónaithe agus forchéimnitheacht ar ráta teoranta. Ag an am céanna, d’ainneoin na n-athruithe dearfacha a tugadh isteach le hathchóiriú cánach 2026, leanann an córas cánach d’arbatráiste cánach a cheadú idir fostaíocht, féinfhostaíocht agus foirmeacha gnó corpraithe áirithe, rud a chruthaíonn saobhadh, a laghdaíonn dul chun cinn agus a lagaíonn bailiú ioncaim. Cé gur chuidigh an dul chun cinn maidir le riarachán cánach a dhigitiú agus an úsáid fhorleathan a bhaintear as comhdú leictreonach agus as tuairisceáin réamhlíonta leis an mbearna chomhlíontachta CBL a laghdú go 13,2 % in 2024, tá dúshláin chomhlíontachta fós ann, agus tá an scáthgheilleagar fós os cionn mheán an Aontais. D’ainneoin an dul chun cinn maidir le deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breosla iontaise, tá roinnt beart tacaíochta neamh-spriocdhírithe fós i bhfeidhm, lena n-áirítear dleachtanna máil laghdaithe ar ghás nádúrtha a úsáidtear le haghaidh téimh agus cóireáil fhabhrach cánach le haghaidh úsáidí áirithe breoslaí iontaise. Go háirithe, maidir le fóirdheontais breosla iontaise nach dtéann i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh ar bhealach spriocdhírithe ná le fíorábhair imní maidir le slándáil fuinnimh, a chuireann bac ar leictriú agus nach bhfuil ríthábhachtach don iomaíochas tionsclaíoch, d’fhéadfaí é a mheas mar thosaíocht deireadh a chur leo de réir a chéile.

(18) D'ainneoin méaduithe le déanaí, tá an caiteachas poiblí ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach, ar chosaint shóisialta agus ar sheirbhísí poiblí ginearálta fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais, rud a chuireann teorainn le rochtain thráthúil chomhionann ar sheirbhísí ardcháilíochta. Bunaithe ar shonraí Eurostat[14], in 2024, ba é 14,7 % de OTI an caiteachas ar chosaint shóisialta, i gcomparáid le 19,6 % san Aontas, agus ba é 5,8 % de OTI an caiteachas ar chúram sláinte, i gcomparáid le 7,4 % san Aontas agus ba é 1,0 % an caiteachas ar chúram fadtéarmach i gcomparáid le 1,7 % san Aontas. D'fhan an caiteachas ar sheirbhísí poiblí ginearálta[15] íseal ó thaobh struchtúir de ag 3,6 % de OTI, ráta a bhí i measc na leibhéal is ísle san Aontas. Sa chúram sláinte, tá tearcinfheistíocht leanúnach, lena n-áirítear i mbonneagar, fós ag cur isteach ar rochtain, ar cháilíocht agus ar thorthaí. Tá easpa éifeachtachta ag samhail chistiúcháin na n-institiúidí cúraim sláinte toisc nach leor an t-ioncam ó ranníocaíochtaí árachais sláinte ó thaobh struchtúir de chun an t-éileamh ar sheirbhísí cúraim sláinte agus costas na seirbhísí sin a chumhdach, rud a chuireann le heasnamh méadaitheach an Chiste Náisiúnta Árachais Sláinte, fiacha na n-institiúidí cúraim sláinte, riachtanais cúraim sláinte nach bhfuiltear ag freastal orthu agus ceann de na híocaíochtaí neamh-in-aisíoctha is airde d'othair san Aontas, agus is ionann cógaisíocht agus cúram fiaclóireachta araon agus aon trian de na híocaíochtaí sin. Sa chosaint shóisialta, leanann caiteachas íseal de theorainn a chur le tionchar laghdaithe bochtaineachta na n-aistrithe, agus tá bearnaí fós ann i soláthar seirbhísí sóisialta, mar gheall ar an laige sa tsamhail chistiúcháin atá ann faoi láthair freisin. Cé go maoiníonn an Liotuáin sciar suntasach de sheirbhísí sóisialta ón mbuiséad náisiúnta agus go bhfuil sé beartaithe aici ciseáin seirbhísí sóisialta aonair a thabhairt isteach lena socrófar íosleibhéil chistiúcháin, tá seirbhísí sóisialta a mhaoinítear ó bhuiséid bhardasacha fós míchothrom ar fud na mbardas, níl siad ag teacht go hiomlán leis an éileamh iarbhír, agus is minic a bhíonn amanna feithimh fada agus cistiú bardasach neamhleor i gceist leo.

---

14 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

15 De réir aicmiú COFOG, tagraíonn 'seirbhísí poiblí ginearálta' do chaiteachas ar fheidhmiú foriomlán an rialtais, lena n-áirítear riarachán lárnach, comhlachtaí reachtacha agus feidhmiúcháin, gnóthaí fioscacha agus eachtracha, idirbhearta fiachais phoiblí agus aistrithe ginearálta idir leibhéil rialtais.

(19) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá an rannpháirtíocht sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(20) Sa Liotuáin, an luas atá faoi chur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, ina gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus ón gCiste Comhtháthaithe (CC), is luas é atá chun tosaigh ar mheánluas cur chun feidhme an Aontais, i gcás roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon. Tá sé tábhachtach an dlús atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun, agus tionchar na n-infheistíochtaí ar an láthair a uasmhéadú an tráth céanna. Tá an Liotuáin ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gur ghá an cur chun feidhme a neartú a thuilleadh i roinnt limistéar, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le héagothromaíochtaí réigiúnacha leanúnacha, feidhmíocht nuálaíochta lasmuigh de mhórionaid uirbeacha, dícharbónú iompair, agus inrochtaineacht seirbhísí poiblí go háirithe i gceantair thuaithe. An tráth céanna, ní mór don Liotuáin dlús a chur le cur chun feidhme CUAC toisc go bhfuil acmhainní le heisíoc faoi dheireadh 2026. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an Liotuáin ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma[16], tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a imscaradh go tapa agus go héifeachtach.

[16] Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

(21) Mar thír ar theorainn sheachtrach thoir an Aontais, tá dúshláin bhreise roimh an Liotuáin a chuireann bac ar a hionchais don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta toisc gur measa na dúshláin struchtúracha atá ann cheana. Leis an tionchar ó chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, méadaítear an brú slándála, cuirtear isteach ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha trasteorann agus laghdaítear tarraingteacht na hinfheistíochta agus cuirtear teorainn bhreise le rochtain ar mhaoiniú. Éilíonn ábhair imní slándála maidir le daoine agus bonneagar criticiúil infheistíochtaí sa chosaint shibhialta, san ullmhacht agus sa tsoghluaisteacht mhíleata ar fud na tíre ar fad, rud a d'fhéadfadh deiseanna a chur ar fáil do gheilleagair na réigiún, agus brú breise a chur ar mhaoiniú seirbhísí poiblí an tráth céanna.

(22) Tá roinnt dúshlán roimh an Liotuáin a bhaineann le feabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), acmhainneacht nuálach a neartú, borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh agus faoi ghlacadh an fhuinnimh in-athnuaite, córais cosanta sóisialta agus cúraim sláinte a neartú, agus aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí san oideachas agus i scileanna atá ábhartha don mhargadh fostaíochta.

(23) Tá an earnáil baincéireachta láidir i gcónaí mar gheall ar chaighdeáin an Aontais, ach cuirtear bac ar rochtain ar mhaoiniú mar gheall ar dhrogall ard roimh riosca agus srianta struchtúracha. D'ainneoin go leor leachtachta agus taiscí arda, tiontaíonn bainc sciar réasúnta beag ina n-iasachtaí, rud a léiríonn neamhéifeachtúlachtaí leanúnacha. An tráth céanna, tá margaí caipitil na Liotuáine fós éadomhain agus neamhleachtach in ainneoin na n-iarrachtaí chun comhtháthú réigiúnach leis an Eastóin agus leis an Laitvia a chothú. Tá caipitliú margaidh ar Nasdaq Vilnius cothrom le thart ar 6,2 % de OTI (R3 2025), i bhfad faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh 2009 (30 %) agus meán an Aontais (69,9 %) agus tá sé srianta ag líon íseal cuideachtaí liostaithe, rud a chuireann teorainn le deiseanna infheistíochta agus le tiomsú caipitil áitiúil. Thairis sin, leasaigh Parlaimint na Liotuáine (Seimas) an Dlí maidir le Carnadh Pinsean i mí an Mheithimh 2025, lenar cuireadh rannpháirtíocht dheonach in ionad clárú uathoibríoch sa dara colún agus lenar ceadaíodh coigilteas pinsin a tharraingt siar go páirteach agus go hiomlán go forleathan. Leis na hathruithe sin, laghdaíodh rannpháirtíocht go mór (faoi 38 % in R1 2026) agus laghdaíodh a thuilleadh leibhéal coigiltis na Liotuáine a carnadh sna cistí pinsin cheana féin, leibhéal a bhí ag 12,2 % de OTI ag deireadh 2024 roimh an athchóiriú.

(24) Tá leibhéil mheasartha gníomhaíochta nuálaí fós le sárú ag an Liotuáin, agus í tite chun deiridh ar mheán an Aontais maidir le roinnt táscairí taighde agus nuálaíochta (T&N). Cé go bhfuil infheistíocht sa taighde agus san fhorbairt phoiblí (T&F) ar an mbóthar ceart chun spriocanna náisiúnta a bhaint amach, tá déine T&F sa Liotuáin (thart ar 1 % de OTI) i bhfad faoi bhun mheán an Aontais (2,24 %), go príomha mar gheall ar leibhéil ísle infheistíochta gnó in T&F (aon trian de mheán an Aontais). Ar an gcaoi chéanna, tá líon na n-iarratas ar phaitinní fós trí huaire faoi bhun mheán an Aontais. Cé go soláthraíonn an Liotuáin dreasachtaí cánach flaithiúla T&F, tá a nglacadh teoranta i gcónaí i measc FBManna. Chun dreasachtaí cánach a athbhreithniú agus a chuíchóiriú, mhol an Aireacht Geilleagair agus Nuálaíochta athchóiriú chun an próiseas iarratais a shimpliú chun dreasachtaí den sórt sin a fháil, ach níor rith sé vóta an Rialtais go fóill. Chun infheistíocht phríobháideach T&F a spreagadh a thuilleadh, d’fhéadfadh an Liotuáin dreasachtaí cánach a mhionchoigeartú freisin chun tacú le gnólachtaí óga atá fós ag cailleadh airgid.

(25) Tá clárú san oideachas treasach le haghaidh réimsí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) fós íseal (25 % i gcomparáid le sprioc 32 % an Aontais), agus tá éagothromaíochtaí móra inscne ann (ní mná iad ach 27,3 % de mhic léinn ETIM i gcomparáid le meán 32,2 % an Aontais). In éineacht le rátaí arda luathfhágála agus ionsú measartha íseal chéimithe ETIM sa mhargadh saothair, cuireann sé sin le ganntanais leanúnacha lucht saothair i bpríomhearnálacha aistrithe agus fáis, go háirithe teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide. Cé gur tugadh isteach scoláireachtaí ETIM breise do mhic léinn i réigiúin lasmuigh de Kaunas agus Vilnias, tá gá le bearta spriocdhírithe breise chun clárú a dhreasú, chun an bhearna idir na hinscní a dhúnadh, agus chun rátaí luathfhágála a laghdú.

(26) Tá ráta na gcomhfhoilseachán eolaíoch poiblí-príobháideach sa Liotuáin ar an ráta is ísle san Aontas, agus is ionann an caiteachas poiblí ar T&F arna mhaoiniú ag fiontair ghnó agus aon trian de mheán an Aontais, rud a léiríonn naisc laga idir an eolaíocht agus an gnó. Toisc rannchuidithe thábhachtach is ea laige struchtúrach agus institiúideach an bhoinn eolaíochta poiblí, agus acmhainneacht taighde agus nuálaíochta scaipthe ar fud roinnt ollscoileanna agus institiúidí taighde. Tá sé beartaithe ag an Liotuáin meastóireacht chuimsitheach feidhmíochta a dhéanamh ar an mbonn taighde poiblí ina iomláine — ollscoileanna, coláistí agus institiúidí taighde. Cuirfear tús leis an gcleachtadh sin in 2028, áfach. Ina theannta sin, cé go gceadaíonn córas maoine intleachtúla reatha na Liotuáine úinéireacht chomhroinnte idir ollscoileanna agus gnólachtaí, ní bhíonn gnólachtaí ar an eolas i gcónaí faoin gcóras solúbtha sin, rud a chuireann bac ar chomhar idir an eolaíocht agus gnólachtaí.

(27) Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha sa Liotuáin fós suntasach agus tá siad ag leathnú, ós rud é go bhfuil daonra ard, ioncaim níos airde agus seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán comhchruinnithe i Vilnias agus roinnt cathracha móra eile, agus go bhfuil contaetha eile, go háirithe ceantair thuaithe, chun deiridh. Cé gur neartaíodh an bunús dlí don chomhar idirbhardasach, tá an comhar teoranta agus ilroinnte i gcónaí sa chleachtas, tá srian air mar gheall ar shocruithe tearcfhorbartha maidir le comhroinnt costas, acmhainneacht riaracháin mhíchothrom agus lárú ard fioscach. Go dtí seo, bhí an cur chun feidhme ag brath den chuid is mó ar chomhaontuithe ad hoc, ar shamhlacha tarmligin nó conarthacha agus ar shocruithe earnáilsonracha, seachas ar chreat córasach le haghaidh soláthar comhpháirteach marthanach seirbhísí i roinnt bardas. Le tacaíocht institiúideach níos láidre, mar aon le dreasachtaí leordhóthanacha, chuideofaí le hacmhainní a chomhthiomsú, feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí poiblí agus bonneagair phoiblí, agus infheistíocht a mhealladh chuig réigiúin atá tite ar gcúl.

(28) Tá dul chun cinn déanta ag an Liotuáin maidir le hacmhainneacht fuinnimh in-athnuaite intíre a leathnú, ar tháinig méadú níos mó ná 30 % uirthi i gcomparáid le 2024 go 6 121 MW in 2025, arna spreagadh ag fás láidir ar an ngrianfhuinneamh agus ar fhuinneamh gaoithe ar talamh. Leathnaigh an tír giniúint dhíláraithe fuinnimh in-athnuaite freisin. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag an Liotuáin chun a spleáchas ar leictreachas allmhairithe a laghdú, ach tá dúshláin fós ann maidir le solúbthacht an chórais a leathnú agus comhtháthú margaidh a áirithiú do thionscadail fuinnimh in-athnuaite. Nochtann sé sin an tír do luaineachtaí seachtracha praghsanna agus treisíonn sé an gá atá le bonneagar criticiúil a chosaint chun rioscaí soláthair a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint. Tá an Liotuáin tar éis a córas leictreachais a neartú, lena n-áirítear trí athchóirithe chun ceadú a chuíchóiriú, infheistíochtaí i mbonneagar tarchurtha agus stórála, agus sioncrónú leis an Limistéar Sioncronach Eorpach Ilchríochach. Mar sin féin, tá srianta ar acmhainneacht na heangaí, ar sholúbthacht an chórais agus ar idirnaisc trasteorann fós ag cur teorainn le comhtháthú an fhuinnimh in-athnuaite agus ag cur le luaineachtaí praghsanna.

(29) Tá méadú ag teacht i gcónaí ar thomhaltas fuinnimh cónaithe de réir mar a mhéadaíonn an stoc tithíochta agus achar urláir méadaitheach na bhfoirgneamh atá ann cheana ná gnóthachain éifeachtúlachta ó bhearta athchóirithe. Tá téamh agus fuarú i gceist le 79 % den tomhaltas fuinnimh chónaithe, atá fós bunaithe den chuid is mó ar ghás nádúrtha fiú agus méadú ag teacht fhoinsí in-athnuaite. D'ainneoin iarrachtaí suntasacha a rinneadh le blianta beaga anuas - chun feabhas a chur ar chomhordú athchóirithe foirgneamh agus chun iad a chur chun cinn - tá an baol ann nach mbainfidh an Liotuáin a laghdú spriocdhírithe (15 %) ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil amach faoi 2030, rud a chuireann bac ar an dul chun cinn maidir le haghaidh a thabhairt ar shlándáil fuinnimh agus ar bhochtaineacht fuinnimh. Tá gá le tuilleadh athchóirithe foirgneamh a rolladh amach agus dlús a chur leo chun an t-éileamh ar fhuinneamh agus na costais a bhaineann le téamh agus fuarú a laghdú. Tá dúshláin struchtúracha roimh chur chun feidhme na mbeart ar an gcaoi sin, lena n-áirítear ganntanais lucht saothair, ar dúshláin iad nach mór aghaidh a thabhairt orthu.

(30) Tá dúshláin roimh an Liotuáin maidir lena haistriú i dtreo geilleagar ciorclach agus tionscal glan-nialasach. Tá moill tagtha ar an dul chun cinn déanta maidir le hathúsáid agus athchúrsáil agus tá an chóireáil fós comhchruinnithe sna leibhéil is ísle d'ord na réiteach dramhaíola. Tá táirgiúlacht acmhainní sa Liotuáin dhá uair níos ísle ná meán an Aontais agus tá sí ar an gceathrú ráta is ísle san Aontas, rud a imríonn tionchar ar éifeachtúlacht acmhainní agus ar chostais táirgthe na dtionscal. Tá an ráta úsáide ábhair chiorclaigh trí huaire níos ísle ná meán an Aontais agus tá sé ar an leibhéal céanna sin le 10 mbliana anuas. Ní foinse mhór astaíochtaí í an tionsclaíocht sa Liotuáin, ach tá a déine astaíochtaí beagnach dhá oiread mheán an Aontais. Mar sin féin, tá easpa cur chuige comhchuibhithe ann maidir le dícharbónú an táirgthe thionsclaíoch, teicnící ciorclacha agus teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur chun cinn, lena gcomhcheanglaítear dreasachtaí beartais agus sásraí cistiúcháin. Idir an dá linn, d'fhéadfaí an t-aistriú tionsclaíoch a cheangal le haistriú chuig geilleagar níos ciorclaí, go háirithe i bpacáistiú, in ábhair thógála agus i slabhraí luacha bithgheilleagair. Tá slabhraí soláthair na Liotuáine ag brath níos mó ar sheirbhísí éiceachórais ná meán an Aontais, agus tá leochaileacht an bhonneagair iompair i leith rioscaí a bhaineann leis an aeráid i measc na leibhéal is airde san Aontas. Dá bhrí sin, tá infheistíocht i gcosaint an chaipitil nádúrtha agus san oiriúnú don athrú aeráide tábhachtach don iomaíochas eacnamaíoch.

(31) Tá astaíochtaí iompair sa Liotuáin fós ard i gcónaí, agus is é an t-iompar de bhóthar is cúis le 44 % d'astaíochtaí comhroinnte díchill in 2024. D'ainneoin na gcéimeanna tosaigh chun glacadh an iompair inbhuanaithe a mhéadú, is saintréith de thaisteal paisinéirí é spleáchas ollmhór ar ghluaisteáin, agus rinneadh 92,1 % de thurais in 2024 i bhfeithiclí príobháideacha. Tá an spleáchas sin á chothú ag ceann de na flíteanna gluaisteán is sine agus is truaillithí san Aontas, ina bhfuil os cionn 27 % d'fheithiclí 20 bliain d'aois ar a laghad agus 63,4 % díobh fós á gcumhachtú le díosal. Tá glacadh roghanna malartacha níos glaine fós mall, ós rud é nach raibh feithiclí ceallra-leictreacha nuachláraithe i gceist ach le 5,9 % den mhargadh in 2024, ráta atá go mór faoi bhun mheán 13,6 % an Aontais. Leanann bacainní fioscacha, amhail easpa cánach bliantúla ar thruailliú gluaisteán, d'athnuachan flít a dhídhreasú, agus cuireann an easpa ríomhbhailiúcháin d'fheithiclí tromshaothair a cuireadh chun feidhme bac ar ghlacadh roghanna malartacha glasa lasta. Tá iarrachtaí fós ar siúl chun feabhas a chur ar chomhordú agus ar tharraingteacht an iompair phoiblí, ach ní raibh aistriú módach suntasach ann go fóill. Cuirtear bac ar ghlacadh an iompair phoiblí mar gheall ar dhrochnascacht idirbhardasach agus pleanáil ilroinnte. Tá acmhainneacht neamhshaothraithe fós ag an iompar d'iarnród ó thaobh dícharbónaithe de, ach tá a thionchar ar an gcomhshaol teoranta ag ráta íseal leictrithe 7,9 %, i gcomparáid le meán an Aontais de 56,9 %. Cé go bhfuil tionscadail amhail leictriú líne Kaišiadorys-Klaipėda ag dul ar aghaidh, tá moill ar thionscadal trasteorann Rail Baltica agus ní mheastar go gcuirfear i gcrích é roimh 2030.

(32) Saintréith de chóras cúraim sláinte na Liotuáine is ea ráta ard mortlaíochta inchóireáilte agus inchoiscthe, agus ionchas saoil tráth breithe atá faoi bhun mheán an Aontais. Tá ráta básmhaireachta in aois oibre níos airde ná meán an Aontais le sonrú freisin ar thorthaí an chúraim sláinte sa tír, agus tá dúshláin roimh sciar suntasach den daonra maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí leighis ardcháilíochta. Ina theannta sin, bíonn tionchar ag ganntanas gairmithe sláinte ar an gcóras cúraim sláinte, go háirithe i gceantair iargúlta, agus ag lucht saothair altranais atá ag dul in aois, rud a mbíonn tionchar aige ar sholáthar seirbhísí cúraim sláinte. Cuireann dáileadh míchothrom geografach dochtúirí agus luach saothair réasúnta íseal cleachtóirí ginearálta teorainn freisin leis an rochtain ar chúram. Ina theannta sin, tá dúshláin shuntasacha roimh an gcóras cúraim fhadtéarmaigh, agus líon íseal oibrithe cúraim fhadtéarmaigh in aghaidh gach 100 duine atá 65 bliana d'aois nó níos sine, agus tá samhail chuimsitheach chomhtháite an chúraim fhadtéarmaigh fós á cur chun feidhme.

(33) D’ainneoin na n-athchóirithe a rinneadh le déanaí, lena n-áirítear an t-athchóiriú ar ioncam íosta, tá dúshláin shuntasacha fós le sárú ag an Liotuáin maidir le haghaidh a thabhairt ar neamhionannas ioncaim, ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta, agus ní dhearnadh ach dul chun cinn teoranta go dtí seo. In 2025, tháinig méadú ar sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta don dara bliain as a chéile go 26,3 %, i bhfad os cionn mheán an Aontais, rud a chuir sprioc laghdaithe bochtaineachta 2030 na Liotuáine i mbaol suntasach. Tá neamhionannas ioncaim fós ar cheann de na leibhéil is airde san Aontas. Déantar difear ar leith do ghrúpaí leochaileacha, go háirithe daoine faoi mhíchumas, a bhfuil an baol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta is airde acu fós san Aontas, daoine atá 65 bliana d’aois agus níos sine, agus daoine atá ina gcónaí i réigiúin thuaithe agus iargúlta. Léiríonn na dúshláin sin laigí i gcumhdach, leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais cosanta sóisialta (lena n-áirítear pinsin). Tá tionchar laghdaithe bochtaineachta na sochar sóisialta fós teoranta d’ainneoin téarnamh beag in 2025. Tá leordhóthanacht na bpríomhshochar fós íseal, ós rud é go bhfuil meánsochair dhífhostaíochta, pinsin seanaoise agus cúnamh sóisialta fós faoi bhun thairseach na bochtaineachta, agus go bhfuil bearnaí sa chumhdach fós ann, go háirithe i measc daoine féinfhostaithe. D’fhéadfadh athruithe a rinneadh le déanaí ar scéim pinsin an dara colún, lena n-áirítear deireadh a chur le clárú uathoibríoch agus roghanna aistarraingthe a leathnú, leordhóthanacht pinsean amach anseo a lagú a thuilleadh. Tá éagothromaíochtaí críochacha suntasacha fós ann ar fud na mbardas maidir le rochtain ar sheirbhísí sóisialta. Tá soláthar na seirbhísí sóisialta fós míchothrom, cé go bhfuil a maoiniú ag brath an iomarca ar chistí an Aontais agus nach bhfuil siad ailínithe go leordhóthanach leis an éileamh áitiúil. Is measa fós na laigí sin mar gheall ar an easpa sonraí cuimsitheacha ar an leibhéal áitiúil, ar bhunachar sonraí láraithe agus ar chóras faireacháin láraithe éifeachtach le haghaidh seirbhísí sóisialta, rud a chuireann teorainn le maoirseacht, pleanáil agus bainistiú sholáthar na seirbhísí sóisialta ar fud na tíre.

(34) Tá líon an-ard iarratasóirí fós le déanamh ag an Liotuáin ar thithíocht shóisialta agus ar amanna feithimh fada. In 2025, bhí 10 750 teaghlach ar liostaí feithimh, agus ba é 5,53 bliain an meán-am feithimh le haghaidh tithíocht shóisialta in 2025. Cé go bhfuil méideanna suntasacha de chistiú ón Aontas curtha i leataobh chun feabhas a chur ar an rochtain ar thithíocht shóisialta agus ar cháilíocht na tithíochta sin, meastar nach dtabharfaidh na hiarrachtaí sin aghaidh ar an bhfadhb ach go páirteach. Tugann sé sin le fios go láidir go bhfuil gá le bearta breise, lena n-áirítear trí aonaid tithíochta bhreise a thógáil agus trí bheartas sóisialta iomchuí, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh tithíocht shóisialta bunchaighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta agus go mbeidh rochtain ag grúpaí leochaileacha uirthi.

(35) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimse na scileanna, an oideachais agus na hoiliúna, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an Liotuáin in 2026, d’fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

(36) Tá dúshláin leanúnacha roimh chóras oideachais ghinearálta na Liotuáine, lena n-áirítear éagothroime agus éagothromaíochtaí suntasacha idir ceantair uirbeacha agus thuaithe. Bíonn rannpháirtíocht níos ísle san oideachas agus i gcúram na luath-óige, agus torthaí oideachais níos laige i gceantair thuaithe. Cé go bhfuil feabhas curtha ag tionscnaimh a chistítear leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, amhail Clár Scoileanna na Mílaoise, ar thorthaí cuimsitheachta agus foghlama i roinnt scoileanna, tá an baol ann go mbainfí an bonn den dul chun cinn maidir le feabhas a chur ar cháilíocht, ar chothromas agus ar éifeachtúlacht líonra na scoileanna mar gheall ar choigeartuithe beartais a rinneadh le déanaí lena gceadaítear ranganna níos lú i ngiomnachtaí tuaithe.

(37) Tá ganntanais leanúnacha roimh ghairm na múinteoireachta, go háirithe i gceantair thuaithe agus i ndisciplíní ETIM. Ós rud é go bhfuil sé beartaithe ag beagnach leath de mhúinteoirí óga an ghairm a fhágáil laistigh de chúig bliana agus go bhfuil an cion is airde de mhúinteoirí atá ag dul in aois i meánscoileanna íochtaracha san Aontas, tá dúshláin shuntasacha roimh an gcóras oideachais. Chun aghaidh a thabhairt ar na ganntanais sin, tá bearta spriocdhírithe riachtanach chun múinteoirí a mhealladh agus a choinneáil.

(38) Cuireann ganntanais lucht saothair i bpríomhearnálacha amhail cúram sláinte, riarachán poiblí, iompar agus airgeadas béim ar na laigí sa chóras oiliúna scileanna atá ann faoi láthair. Níl gairmoideachas agus gairmoiliúint na Liotuáine tarraingteach go leor go fóill, rud a chuireann go díreach le ganntanais lucht saothair. Níl gairmoideachas agus gairmoiliúint na Liotuáine tarraingteach go leor go fóill, rud a chuireann go díreach le ganntanais lucht saothair. Cuireann an easpa tarraingteachta sin i gcláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna leis na bearnaí sa lucht saothair, bearnaí a chuireann bac ar tháirgiúlacht agus fás eacnamaíoch. Trí ghairmthreoir a neartú i scoileanna trí bhearta praiticiúla amhail an scáthfhoghlaim sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint agus oiliúint trí chuairteanna fostóirí, d'fhéadfaí feabhas suntasach a chur ar fheasacht na ndaltaí ar dheiseanna gairme agus feabhas a chur ar tharraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna.Leis na hathchóirithe tábhachtacha a rinne sí san ardoideachas, tá bearta déanta ag an Liotuáin chun ábharthacht an ardoideachais don mhargadh saothair a mhéadú, ach níl coinne le torthaí feabhsaithe i dtéarmaí ailíniú leis an margadh saothair go dtí 2028. Tá sé ríthábhachtach ábharthacht mhargadh an tsaothair agus cumhdach an oideachais aosaigh a neartú go leanúnach, go háirithe do dhaoine dífhostaithe, do ghrúpaí ar bheagán oiliúna agus do ghrúpaí leochaileacha eile, chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna agus ar ghanntanais saothair.

(39) Léiríonn dífhostaíocht leanúnach, lena n-áirítear dífhostaíocht fhadtéarmach, laigí i bhfeidhmiú na mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair. Sa Liotuáin, sáraíonn an t-éileamh ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair líon iarbhír na rannpháirtithe go comhsheasmhach, rud a dhéanann difear diúltach do chumhdach na mbeartas sin agus, dá bhrí sin, do lánpháirtiú daoine dífhostaithe sa mhargadh saothair. Cé go mbraitheann beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair go mór ar chistiú ón Aontas, tá an cistiú sin á ídiú, tá leithdháileadh buiséid neamhleor ann agus tá costais bheartais ag dul i méid, arb iad na príomhthosca is cúis le cumhdach íseal na mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair. In 2025, thit rannpháirtíocht sna beartais sin go beagnach aon trian de leibhéil 2024 agus meastar go bhfanfaidh sí ar an leibhéal sin freisin in 2026. Trí mhaoiniú náisiúnta a mhéadú agus samhail chistiúcháin inbhuanaithe a fhorbairt, d'fhéadfaí feabhas a chur ar chumhdach beartais ghníomhaigh maidir leis an margadh saothair agus cuidiú leis an dífhostaíocht a laghdú. Mar gheall ar an tsochaí atá ag dul in aois go tapa agus an laghdú réamh-mheasta ar an lucht saothair, tá gá le hiarrachtaí breise chun borradh a chur faoi lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas, daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna, agus grúpaí leochaileacha eile i margadh an tsaothair, ar gá iarrachtaí a dhéanamh ina leith sa bhreis ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, thacófaí freisin leis an gcóineasú sóisialta aníos, i gcomhréir leis an anailís tíre dara céim arna déanamh ag seirbhísí an Choimisiúin ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta[17].

(40) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2026 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Liotuáine, cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh agus an tríú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (2) le cur chun feidhme an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (3) le cur chun feidhme an seachtú moladh, an seachtú moladh agus an aonú moladh déag maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (4) le cur chun feidhme an seachtú moladh maidir leis an limistéar euro agus cuidíonn moltaí (5) agus (6) le cur chun feidhme an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro,

---

17 SWD(2026)122 – Anailís tíre dara céim ar chóineasú sóisialta i gcomhréir leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta (SCF), 2026.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Liotuáin in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Gníomhaíocht a dhéanamh chun glanchaiteachas a rialú ionas go n-urramófar leis na huasrátaí fáis a mhol an Chomhairle an 8 Iúil 2025, i bhfianaise an diallta a taifeadadh in 2025 agus an diallta ábhartha a réamh-mheasann an Coimisiún don bhliain 2026 *vis-à-vis* an uasteorainn ghlanchaiteachais a mholtar, agus úsáid á baint ag an am céanna as an tsolúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta arna ghníomhachtú ag an gComhairle. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus inbhuanaitheacht fiachais agus éifeachtúlacht caiteachais á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith leis an mbuiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir. A áirithiú gur bearta sealadacha a bheidh i mbearta a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus go mbeidh siad dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. Leanúint d'ioncam ginearálta an rialtais a leathnú trí ról na gcánacha nach bhfuil chomh díobhálach céanna don fhás a mhéadú, trí chomhlíonadh cánach a fheabhsú, trí chórais chánach speisialta a chuíchóiriú agus a shimpliú, agus trí leanúint de dheireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais neamh-spriocdhírithe do bhreoslaí iontaise. Maoiniú leordhóthanach a chur ar fáil do chúram sláinte, do chosaint shóisialta agus do sheirbhísí poiblí ginearálta, agus feabhas a chur ar shamhlacha cistiúcháin na seirbhísí sóisialta agus na n-institiúidí cúraim sláinte.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. An dlús cur chun feidhme a choinneáil ar bun faoi chláir an bheartais comhtháthaithe lena dtógtar, i gcásanna inarb iomchuí, ar an ath-leithdháileadh chuig tosaíochtaí straitéiseacha agus chuig na solúbthachtaí a comhaontaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar an gcreat beartais comhtháthaithe. Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uathúla shocheacnamaíocha, slándála agus ullmhachta sibhialta a dhéanann difear do réigiúin ar theorainn sheachtrach thoir an Aontais, lena n-áirítear an gá atá le hinfheistíocht a dhéanamh i mbonneagar dé-úsáide.

3. Rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear trí iomaíocht i seirbhísí airgeadais a spreagadh, leachtacht an mhargaidh caipitil a fheabhsú, rannpháirtíocht níos mó i margaí airgeadais a spreagadh, Infheistíocht phríobháideach in T&F a éascú, lena n-áirítear trí athbhreithniú a dhéanamh ar dhreasachtaí cánach atá ann cheana. Dreasachtaí a fhorbairt le haghaidh comhar idir an eolaíocht ghnó, inter alia, trí acmhainneacht an bhoinn eolaíochta poiblí a threisiú chun rannchuidiú le nuálaíocht ghnó. Clárú i réimsí ETIM iar-mheánscoile a dhreasú, go háirithe do mhná. Aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí réigiúnacha trí thacaíocht institiúideach a neartú agus trí dhreasachtaí a chur ar fáil chun comhar idirbhardasach a chur chun cinn le haghaidh soláthar seirbhísí poiblí comhroinnte agus chun infheistíochtaí a mhealladh chuig réigiúin.

4. Spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus ar fhuinneamh allmhairithe a laghdú a thuilleadh agus acmhainneacht leordhóthanach san eangach leictreachais agus rochtain leordhóthanach uirthi a áirithiú chun tacú le himscaradh fuinnimh in-athnuaite. Dlús a chur le hathchóirithe foirgneamh agus iad a mhéadú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar scrogaill cur chun fiedhme, amhail ganntanais lucht saothair. An claochlú tionsclaíoch glan agus an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach a chur chun cinn trí tháirgiúlacht acmhainní a mhéadú. Dlús a chur le dícharbónú an iompair, go háirithe iompar de bhóthar agus d'iarnród, lena n-áirítear trí Rail Baltica a thabhairt chun críche, agus feabhas a chur ar chomhordú agus ar tharraingteacht an iompair phoiblí agus inbhuanaithe chun glacadh an iompair sin a mhéadú.

5. Rochtain ar chúram príomhúil, coisctheach agus pobalbhunaithe a neartú agus infhaighteacht gairmithe sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh a mhéadú, go háirithe i gceantair iargúlta. Aghaidh a thabhairt ar neamhionannas ioncaim agus ar bhochtaineacht trí chumhdach agus leordhóthanacht an chórais cosanta sóisialta a mhéadú, trí chóras faireacháin láraithe le haghaidh seirbhísí sóisialta a fhorbairt a thuilleadh, agus trí thithíocht shóisialta inacmhainne agus ar ardchaighdeán a leathnú.

6. Cáilíocht, cothromas agus éifeachtúlacht an chórais oideachais ghinearálta a fheabhsú, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar an mbearna ghnóthachtála idir ceantair uirbeacha agus thuaithe, agus tarraingteacht ghairm na múinteoireachta a mhéadú ag an am céanna chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais. Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna trí ábharthacht an ardoideachais don mhargadh saothair a mhéadú, tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a mhéadú, feabhas a chur ar an bhfoghlaim aosach, lena n-áirítear do ghrúpaí leochaileacha, agus cumhdach na mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair a mhéadú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*